Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0354(NLE)**

**14036/20**
**ADD 1**

**PECHE 442**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 802 final - IARSCRÍBHINNÍ |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE **maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 802 final - IARSCRÍBHINNÍ.

---

Faoi iamh: COM(2020) 802 final - IARSCRÍBHINNÍ

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2020
COM(2020) 802 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú**

## IARSCRÍBHINN I

## An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú

### 1. PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, urramóidh an tAontas *inter alia* na prionsabail seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil na bearta a ghlacfar faoin gComhaontú comhsheasmhach leis an gComhaontú é féin agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS)[1], le Comhaontú 1995 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach (UNFSA)[2], le Comhaontú 1993 chun comhlíontacht bád iascaireachta ar an mórmhuir i dtaca le bearta idirnáisiúnta caomhantais agus bainistíochta a chur chun cinn[3];

(b) gníomhú i gcomhréir leis na cuspóirí agus leis na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas laistigh den Chomhbheartas Iascaigh mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 1380/2013 agus i gcomhréir le forálacha chóras an Aontais, arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú;

(c) gníomhú i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh[4], agus beidh sé d'aidhm aige go gcomhlíonfaidh an ghné sheachtrach na prionsabail chéanna agus go gcuirfidh sé chun cinn na caighdeáin chéanna maidir le bainistiú agus rialú iascaigh agus a chuirtear i bhfeidhm in uiscí an Aontais; cothroime iomaíochta a chur chun cinn, *inter alia* chun tacú leis an trádáil thrédhearcach i dtáirgí iascaigh atá faoi réir caighdeáin a breathnaítear agus a rialaítear go docht; agus tionscnaimh a chur chun cinn a bhaineann leis an ról atá ag Stáit an chalafoirt agus ag Stáit bhrataí sa chomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN);

(d) gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas: conclúidí ón gComhairle maidir le hAigéin agus Farraigí[5], conclúidí ón gComhairle[6] maidir leis an Teachtaireacht

---

[1] IO L 179, 23.6.1998, lch. 3
[2] IO L 189, 3.7.1998, lch. 16.
[3] IO L 177, 16.7.1996, lch. 26.
[4] 7087/12 REV 1 ADD 1 COR 1.
[5] 14249/19 an 19.11.2019.

Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le *International ocean governance: an agenda for the future of oceans*[7] [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan], agus bearta a chur chun cinn chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe ar Bhearta Stát an Chalafoirt, agus feabhas a chur ar an gcur chun feidhme sin, chun rannchuidiú le bainistíocht inbhuanaithe na n-aigéan i ngach gné de;

(e) cloí le cur chuige neamhfhulaingthe i leith iascaireacht NNN, ag cur san áireamh go háirithe go bhféadfadh na dálaí polaitiúla agus socheacnamaíocha a thagann chun cinn mar thoradh ar COVID-19 timpeallacht chumasúcháin a chruthú do ghníomhaithe neamhscrupallacha chun iascaireacht NNN a dhéanamh nó chun an trádáil inti a éascú, rud a fhágann gur gá bearta diana a dhéanamh faoin gComhaontú seo;

## 2. TREOSHUÍOMHANNA

Déanfaidh an tAontas gach iarracht ar ghlacadh na ngníomhaíochtaí agus na dtreoshuíomhanna seo a leanas a fhorbairt agus tacú lena nglacadh, agus é d'aidhm aige rannpháirtíocht uilíoch sa Chomhaontú agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú:

(a) comhleanúnachas le beartais eile an Aontais a áirithiú, go háirithe i réimse an chaidrimh sheachtraigh, an chomhshaoil, na trádála, na fostaíochta, na forbartha, an taighde agus na nuálaíochta, agus féachaint le comhsheasmhacht agus sineirge a bheith ann leis na beartais atá á saothrú ag an Aontas i gcomhthéacs a chaidrimh dhéthaobhaigh iascaigh le tríú tíortha;

(b) seasaimh atá comhsheasmhach le dea-chleachtais na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) agus na gcomhlachtaí réigiúnacha iascaigh (RFBanna) a chur chun cinn agus comhordú na n-eagraíochtaí sin leis an gComhaontú a chur chun cinn chomh maith;

(c) tacú le cláir forbartha acmhainneachta domhanda a ghlacadh chun cuidiú le Stáit atá i mbéal forbartha ullmhú don Chomhaontú a chur chun feidhme nó é a chur chun feidhme, agus san am céanna, i gcás inar gá, comhlántacht le cúnamh do thríú tíortha a áirithiú, ar cúnamh é a sholáthraíonn an tAontas sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN;

(d) bearta a chur chun cinn lena neartaítear an comhar idir an Comhaontú agus eagraíochtaí domhanda agus réigiúnacha eile, laistigh dá sainorduithe, i gcás inarb iomchuí, agus le Stáit nach Páirtithe sa Chomhaontú iad, i gcás inarb inmhianaithe agus inarb infheidhme;

(e) tacú le bearta a chuireann chun cinn daingniú an Chomhaontaithe ag tíortha nach Páirtithe iad, lena n-áirítear trí fheasacht a ardú agus trí acmhainní a fhothú ar fud an domhain chun a áirithiú go dtuigfidh Stáit buntáistí an Chomhaontaithe mar aon leis

[6] 7348/1/17 REV 1 an 24.3.2017.
[7] JOIN(2016) 49 final an 10.11.2016.

na ceanglais a bhaineann lena chur chun feidhme, dá dtiocfaidís chun bheith ina bPáirtí;

(f) tacú le bearta lena bhforbraítear agus lena gcuirtear chun cinn úsáid uirlisí (teicneolaíochtaí, córais malartaithe faisnéise, cláir, etc.) chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun a chur chun feidhme a éascú, agus chun a áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach leis na bearta sin a forbraíodh laistigh den Aontas chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí comhchosúla;

(g) tacú le bearta atá dírithe ar thrédhearcacht, idirphlé agus comhar le geallsealbhóirí ábhartha a neartú, lena n-áirítear iascairí, tionscal na hiascaireachta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eolaithe agus lucht léinn, agus geallsealbhóirí nach iad, maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, agus, i gcás inarb iomchuí, bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar a rannpháirtíocht san obair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe i gcomhréir leis an gcleachtas coiteann arna ghlacadh i gcomhaontuithe iltaobhacha eile.

## IARSCRÍBHINN II

### Sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú

Roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo ar an Aontas, glacfar na céimeanna is gá ionas go mbeidh an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, a cuireadh chuig an gCoimisiún, á gcur san áireamh sa seasamh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir le seasamh an Aontais atá le plé agus mionsonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais atá le formhuiniú.

Más rud é, le linn cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, chun go gcuirfidh seasamh an Aontais gnéithe nua san áireamh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle nó faoi bhráid a comhlachtaí ullmhúcháin.